



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Ár nOidhreacht a Chosaint

Cód um Chúram
ár Séadchomharthaí

#ProtectOurPast

Is saintréith ar leith in Éirinn an seandálaíocht agus féadfaimd beith mortasach as a d'fhág ár sinsir againn um thaitneamh agus um fhoghlaim. Mhair an oidhreacht seandálaíochta agus foirgneamh ar dhreach na tíre leis na mílte bliain. Tháinig na struchtúir ársa seo slán ó chogadh agus ó ghorta, ach le blianta beaga anuas tá cuid mhór de na suíomhanna faoi phriacal suntasach díobhála.

Is aidhm don treoír seo a leanas cuidiú um na suíomhanna ar leithligh seo a chosaint don am atá romhainn. Tá súil againn go roinnfidh tú an t-eolas seo ar dhaoine eile, ionas go mbeidh an oidhreacht atá againne inniu slán le haghaidh na ndaoine a thiocfaidh inár ndiaidh.



RIALACHA SÉADCHOMHARTHA



Tá cuid mhór de na suíomhanna oidhreachta ar thalamh príobháideach; mar sin, díreach cosuil le teach cónaithe, ní féidir leat i gcónaí siúl ar aghaidh leat.



Is faoi thalamh atá cuid mhór den eolas seandálaíochta. Inniu, féadfaidh an teicneolaíocht an t-eolas sin a léamh agus rúin atá ceilte orainn le fada a léiriú dúinn. Ach déanann tinte díobháil buan agus coscann léamh an eolais orainn, agus mar sin d'fhéadfaí rúin ársa an tsuímh a chailliúint go deo.



Déanann graifítí an-díobháil ar shéadchomharthaí seandálaíochta agus ailtireachta – ní mór dúinn uile íoc as a ghlanadh agus uaireanta ní féidir an glanadh sin a dhéanamh.



Tabhair aird ar na comharthaí – is chun tusa agus do mhuintir a choinneáil slán iad.



Is breá le páistí dreapadh – is rud nádúrtha acu é sin. Ach cuimhnigh gur minic seanbhallaí cloiche agus seanfhoirgnimh a bheith lag; féadfaidh siad titim as a chéile agus ní fiú turas lae a mhilleadh trí ghortú.



Is áiteanna luachmhara iad suíomhanna seandálaíochta agus foirgníochta – nasc díreach lenár sinsir agus leis an saol a bhí acu. Níl siad oiriúnach um champáil.



Is iondúil nach mbíonn cannaí bruscair nó athchúrsála timpeall ar sheansuíomhanna. Le do thoil, fág an suíomh mar a bhfuair tú é.



Is áisiúil iad feithiclí uile-thalún, rothair sléibhe agus cuadrothair mar chórais iompair, ach ní ceart riamh iad a thiomáint trí shuíomh seandálaíochta ná seanfhothrach.



Uaireanta, gan eolas ar shoghontacht oidhreachta, bogann daoine clocha agus déanann siad suíomhanna a atheagrú agus leagan nua a chruthú. Ar an drochuair, dá dheasca sin ní féidir a thuiscint conas mar a bhí an tírdhreach nó an suíomh mar a bhí sé leis na mílte bliain.



Is geal linn ár madraí ach ní thuigeann siad tuamaí ná ní féidir a mhíniú dóibh gur cóir a bheith cúramach timpeall orthu – mar sin, coimeád ar iall iad le do thoil.



Tá cosaint láidir dhlíthiúil ar shéadchomharthaí. Bí aireach nach mbriseann tú an dlí. Má úsáidtear brathadóirí miotail go neamhdhleathach déantar an-díobháil ar oidhreacht seandálaíochta na hÉireann agus féadfar dianphionóis a ghearradh dá dheasca.



Dún an doras agus tú ag imeacht – nó an geata é sin?



Bain taitneamh as do chuairt agus tabhair leat abhaile cuimhní sona le roinnt ar do chairde agus ar do mhuintir.

Má tá ceisteanna ar bith agat nó más mian leat tuairisc a thabhairt ar dhíobháil ar shéadchomhartha, déan teagmháil le do thoil le nationalmonuments@housing.gov.ie

Más mian leat eolas breise a fháil ar shéadchomharthaí seandálaíochta agus ar an obair a dhéanann Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta féach www.archaeology.ie

Um eolas faoi chuairt a thabhairt ar shuíomhanna oidhreachta thógtha atá faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí féach www.heritageireland.ie

Um breis eolais faoin bhfeachtas seo féach gov.ie/opw



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

